

# COMHAR

LEABHAIRCOMHAR | COMHARÓG | COMHARTAIGHDE  
PORTRÁIDÍ NA SCRÍBHNEOIRÍ GAEILGE

47 SRÁID HARRINGTON, BAILE ÁTHA CLIATH 8

Guthán: +353 - 1 - 6751922

Ríomhphost: [iriscomhar@gmail.com](mailto:iriscomhar@gmail.com); [leabhaircomhar@gmail.com](mailto:leabhaircomhar@gmail.com); [comhartaighde@gmail.com](mailto:comhartaighde@gmail.com); [portraidí@gmail.com](mailto:portraidí@gmail.com)

Idirlíon: [www.iriscomhar.com](http://www.iriscomhar.com); [www.leabhaircomhar.com](http://www.leabhaircomhar.com); [www.comhartaighde.com](http://www.comhartaighde.com); [www.portraidí.ie](http://www.portraidí.ie)

Cathaoirleach: [Cathal Goan](#)

Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: [Elly Shaw](#)

Stiúrthóirí eile: [Cormac Breathnach](#), [Kevin de Barra](#), [An Dr Liam Mac Amhlaigh](#), [Órla Ní Chuilleanáin](#),  
[Muireann Ní Mhóráin](#), [Paula Ní Shlatarra](#), [Uaitéar Ó Ciaruáin](#), [An Dr Gréagóir Ó Dúill](#), [Fiachra Ó Marcaigh](#)

Eagarthóir na hIrise: [Seán Tadhg Ó Gairbhí](#)

Eagarthóir Liteartha na hIrise:

Eagarthóir Coimisiúnaithe Leabhar: [Caitriona Ní Dhúnáin](#)

Eagarthóir COMHARÓg: [Áine Ní Ghlinn](#)

Eagarthóirí COMHAR*Taighde*: [An tOllamh Máirín Nic Eoin](#), [An Dr Liam Mac Amhlaigh](#), [An Dr Máirtín Coilféir](#)


# Pacáiste Eolais

## Cúram mar

# Eagarthóir Litearrtha

ar an iris *Comhar*

## ó Eanáir 2017



Is mór ag COMHAR an tacaíocht airgid ó Fhoras na Gaeilge agus ón gComhairle Ealaíon

# Cúram mar Eagarthóir Liteartha ar an iris *Comhar*

ó Eanáir 2017

## Clár

A. Sainchuntas an chúraim

B. Iarratasóirí: cáilíochtaí riachtanacha agus inmhianaithe

C. Ráiteas físe

D. Comhthéacs

## A. Sainchuntas an chúraim

Is é seo breac-chuntas ar réimse na ndualgaisí a shamhlaítear leis an gcúram mar eagarthóir liteartha ar an iris *Comhar*:

- Aistí critice ar an litríocht a lorg/a choimisiniúnú, agus a fhoilsiú a gcuirfeadh léitheoirí, ar a mbeidh Gaeilge mhaith ar a dtoll acu, mic léinn agus léachtóirí acadúla ollscoile san áireamh, spéis iontu;
- Léirmheasanna leabhar a choimisiniúnú agus a fhoilsiú gach mí ar leabhair litríochta, liteartha agus acadúla atá i mbéal an phobail;
- Féachaint i ndiaidh móreagrán liteartha, dhá uair sa bhliain, a phleanáil agus a chur le chéile;
- Meitheal mhaith léirmheastóirí agus scríbhneoirí rialta a thabhairt i dtoll a chéile, a chothú agus a mhisniú; agus
- Samplaí den litríocht nuascríofa – filíocht, gearrscéalta, sleachta as úrscéalta agus drámaí etc – a aimsiú, cóir a chur orthu más gá, agus a fhoilsiú go rialta.

Is i gcomhairle le heagarthóir na hirise, Seán Tadhg Ó Gairbhí, agus leis an dearthóir Mark Wickham, a chuirtear na dualgaisí seo i gcrích. Tá an t-eagarthóir liteartha comhfhreagrach in éineacht leis an eagarthóir as **cúram na cóipe**; is é sin: ardchaighdeán scríbhneoireachta agus teanga a chinntiú i gcónaí san iris agus comhairle a chur orthu siúd sna cúinsí sin nuair a chuirtear cóip le foilsiú chun na hirise.

Is ar bhonn táille mhíosúil ar chonradh do sheirbhísí a thairiscítear an cúram. Aontófar é seo leis an iarrthóir rathúil i ndiaidh agallaimh.

## B. Iarratasóirí: cáilíochtaí riachtanacha agus inmhianaithe

Riachtanach don chúram tá:

- Ardchaighdeán agus cruinneas i nGaeilge agus i mBéarla;
- Cumas spriocanna a bhaint amach; agus cloí le sprioclínte;
- Eolas leathan agus tuiscint dhomhain ar nua-litríocht agus ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge; agus
- Cumas plé le scríbhneoirí, le baill foirne eile sa chuideachta agus leis na páirtithe leasmhara ar fad a bhaineann leis an tsraith déantúsaíochta irise.

Inmhianaithe tá:

- Cáilíocht tríú leibhéal i réimse ábhartha;
- Cumas chun saothar buíne cuntóirí a threorú agus a chomhordú;
- Taithí iriseoireachta;
- Taithí eagarthóireachta;
- Taithí léirmheastóireachta;
- Tuiscint ar réimsí spéise dhaoine óga sa léitheoireacht irise in Éirinn; agus
- Gréasán de theagmhálacha, idir aitheanta agus phearsanta, le scríbhneoirí, dearthóirí, eagarthóirí agus lucht déantúsaíochta irise.

Is gá don iarrthóir

- litir iarratais;
- CV;
- sampla d'obair eagarthóireachta an iarrthóra (más ann dá leithéid);
- agus ráiteas físe an iarrthóra don iris, a dhéanfaidh tagairt speisialta do:
  - a. Gréasán na scríbhneoirí a chothú;

- b. Tábhacht na léirmheastóireachta in iris liteartha;
- c. Cur le hardchaighdeán reatha, liteartha na hirise *Comhar*; agus
- d. Conas leas níos iomláine a bhaint as modhanna léitheoireachta clos-amhairc agus leictreonacha.

**comhar.liteartha2016@gmail.com**

roimh

**Dé Máirt 25 Deireadh Fómhair 2016 ar 5:00pm,**

móide sonraí teagmhála bheirt mholtóirí. Déanfar gearrliosta ina dhiaidh sin. Tá sé i gceist iarrthóirí a chur faoi agallamh don chúram ar **Luan 14 Samhain** i mBaile Átha Cliath.

### C. Ráiteas físe

Is í an fhís atá ag Bord COMHAR Teo do COMHAR:

- go mbeidh sí ina hiris barr feabhais a bheidh mar chéad rogha ag scríbhneoirí, scoláirí, léirmheastóirí agus léitheoirí na Gaeilge;
- gur inti a fhoilseofar scoth na nua-litríochta cruthaithí as Gaeilge, mar is dual di ó bunaíodh í sa bhliain 1942;
- go mbeidh sí ina príomh-fhóram anailíse agus tráchttaireachta sa Ghaeilge ar imeachtaí an tsaoil in Éirinn agus i gcéin;
- go mbeidh sí ina hardán a chothóidh smaoinreamh agus díospóireacht, saothrú agus éigse na hÉireann i ngach réimse is suim do phobal léitheoirí atá ag iarraidh lón intinne; agus
- go ndéanfaidh sí freastal ar shuim na léitheoirí i ngnéithe eile den saol comhaimseartha.

### D. Comhthéacs

Ó bunaíodh í, bhí réim saoil fhada chluíteach ag *Comhar*, ceann de na teidil is so-aitheanta agus is mó cáil i saol na Gaeilge. Ba dhúshraith agus ba chrann taca í *Comhar* do shaothrú agus do bhláthú na nua-litríochta Gaeilge i gcaitheamh an ama sin. Is san iris a foilsíodh saothar le beagnach gach scríbhneoir Gaeilge a thuill clú sa tréimhse sin. Maidir le cúrsaí reatha, níor leasc riamh le *Comhar* labhairt amach go calma agus go neamhspleách maidir leis na ceisteanna is mó a bhí i mbéal an phobail ag aon am ar leith. Tuigean Bord Stiúrtha COMHAR go bhfuilimid inár gcaomhnóirí ar thraidisiún luachmhar liteartha agus iriseoireachta, traidisiún an-sainiúil atá ina ábhar mórtais, traidisiún a thug, agus a thugann go fóill, spreagadh agus ionspioráid. Níl fúinn loiceadh ar an dtraidisiún sin. Tá fúinn, ach go háirithe, treisiú ar ábhar a fhoilsiú a fhéachann le torthaí taighde agus smaoinimh an aos tríú leibhéal a chur i láthair phobail níos fairsinge.

Tuigean an Bord, áfach, nach mór a bheith oscailte do agus tuisceanach ar, na hathruithe atá ar an saol agus ar stíleanna beatha in Éirinn agus ar fud an domhain, i bhfianaise forbairtí sa teicneolaíocht agus sa tsochaí. Ní mór do *Comhar*, le beocht agus le samhlaíocht, freastal a dhéanamh ar réimse spéiseanna na heite níos óige i measc an spriocphobail léitheoireachta, ach go háirithe na deicéanna de mhílte céimithe óga a bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal bainte amach acu le 20 bliain anuas.

Tá dúshlán roimh *Comhar* agus roimh an fhoireann eagarthóireachta meascán ábhair agus cur chuige san iris a chleachtadh agus cothromaíocht chúí a aimsiú, a chuimseoidh idir ábhar a bhuanóidh traidisiún sainiúil *Comhar* go nuige seo agus ábhar a mheallfaidh líon i bhfad níos mó den dream níos óige i measc céimithe óga – agus daoine smaointeacha eile ina fichidí déanacha agus sna tríochaidí, nach céimithe iad.